# Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

*Máirtín Ó Dubhghaill*

**Tá Cumann Camógaíochta Chois Fharraige ag deireadh an tséasúir faoi láthair agus ag críochnú ar nóta ard mar a thosaigh siad thiar i mí na Márta seo caite. Bhuaigh an fhoireann sóisir sraith an Chontae (Sóisear B) nuair a bhuail siad cailíní Skehana sa chluiche ceannais leis an scór 2-1 in aghaidh 0-0. Tá na cailíní Faoi-15 ag fanacht le cluiche ceannais Chomórtas Iarthar na Gaillimhe agus na Cathrach, áit a gcasfaidh siad ar an gCaisleán Gearr.**

Tá 143 cailíní cláraithe leis an gCumann i mbliana: Foirne faoi 9, 10, 11, 12, 13, 14, 15, 16, 18 agus foireann Sóisir. Glacann an Cumann páirt i gComórtais an Chontae agus i gComórtais an Iarthair sna grádanna sin ar fad.

**Faoi-9**: Bhuaigh siad ar chuile fhoireann sa ghrúpa (Caisleán Gearr, Liam Uí Mhaoilíosa, Bóthar na Trá agus Bearna/Na Forbacha) ach chaill siad le cúl amháin in aghaidh Uarán Mór sa chluiche leathcheannais.

**Faoi-10**: Bhuail Dún an Eochta iad le dhá chúilín i gcluiche leathcheannais de Chraobh an Chontae

**Faoi-11**: Bhain siad amach an cluiche Craoibhe de Chomórtas an Iarthair, áit ar chaill siad i gcoinne Bhóthar na Trá le 3 cúilín.



**Foireann Camógaíochta Faoi-10 a chuaigh go dtí cluiche leathcheannais an Chontae.**

Chun tosaigh ó chlé: Rachel Nic an Ultaigh, Anna Ní Ódhráin-Ní Mhurchú, Anysia Ní Thuairisg, Éimear Ní Thuairisg, Sadhbh Howlin, Méadhbh Ní Mhuirnín, Sorcha Ní Fhrighil, Majella Nic Dhonnchadha.
Ar chúl: Aoife Nic Ghiolla Choinnigh, Tiffany Ní Choistealbha, Laoise Bhreathnach, Mary Ní Fhéinne, Méadhbh Nic Dhonnchadha, Sorcha Ní Bhraonáin, Sinéad Ní Mhaoláin, Caoimhe Ní Choisdealbha, Fionnuala Ní Ghruinéil, Laura Ní Ifirneáin.



**An fhoireann camógaíocht 8 & 9:** *Chun tosaigh ó chlé:* Róisín Ní Cheallacháin, Aoife Nic Cormaic, Máire Ní Fhrighil, Blanca Ní Dhonabháin, Éabha Ní Chonnláin, Fionnuala Ní Mhárta, Laoise Nic Oireachtaigh, Uaidh Robertson, Iseult Ní Fhoighil. *Ar chúl:* Caoimhe Ní Churraoin Breathnach, Aisling Ní Fhurghais, Sadhbh Ni Chonghaile, Caoimhe Ní Chonghaile, Íde Ní Churraoin, Aghna Nic Dhonnchadha, Emer Nic Dhonnchadha, Tiffany Ní Choisdealbha, Sinéad Ní Chonchubhair, Katie Ní Fhéinneadha

**Faoi-12**: Cluiche Ceannais an Chontae arís, ach bhuail Creachmhaoil iad le dhá chúilín. Bronnadh an gradam "Laoch an Chluiche" ar Ciana Ní Churraoin as an gCoill Rua tar éis an-taispeántas camógaíochta.

**Faoi-13**: Cáilithe do chluiche leathcheannais de Chomórtas an Iarthair áit a gcasfaidh siad ar Liam Uí Mhaoilíosa nó an Caisleán Gearr. Ádh mór orthu!

**Faoi-14**: Shroich siad Cluiche Ceannais an chontae ach bhuail an Turloch Mór iad le cúilín amháin tar



**An Fhoireann Sóisir a bhuaigh Craobh an Chontae nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Shaidhleán**

**Ar chúl: Máirtín Ó Dubhghaill, Aoife Ní Dhomhnaill, Gráinne Bleasdale, Léan Breathnach, Sadhbh Ní Cheallaigh, Caoimhe Ní Mhaoileoin, Róisín Ní Cheannabháin, Méadhbh Ní Fhlatharta, Béibhinn Ní Ghríofa, Tríona Ní Dhiollúin, Stacey Ní Churraoin. Charlene Ní Churraoin, Bríd Bleasdale agus Andy Bleasdale**
**Chun tosaigh: Éimear Ní Chadhain, Niamh Ní Dhroighneáin, Teresa Ní Chadhain, Niamh Ní Mhaoileoin, Niamh Ní Chearra, Máire Treasa Ní Dhubhghaill, Sarah Ní Choistealbha (Captaen), Orla Breathnach, Aedín Ní Fhátharta agus Áine Ní Chonghaile**

éis cluiche iontach sciliúil.

**Faoi-15**: Ag imirt go gairid i gCluiche Ceannais an Iarthair i gcoinne an Caisleáin Ghearr. Ádh mór orthu!

**Faoi-16**: Buaileadh iad sa chéad bhabhta de Chraobh an Chontae.

**Faoi-18**: Bhuail Bóthar na Trá iad i gCluiche Leathcheannais an Chontae

**Sóisear B:** Bhuaigh siad Sraith an Chontae agus Craobh an Chontae. Nár laga Dia iad!

Tá chuile bhall den Chumann ag tnúth go mór leis an Dinnéar Bliantúil i mbliana!

Arís sa samhradh seo caite, eagraíodh Campa Camógaíochta ar feadh seachtaine ar Pháirc na mBreathnaigh. Na teagascóirí a bhí againn, Eoin Ó Ceallaigh agus Ciarán Ó Frighil as Co. an Chláir agus Diarmuid Ó Ceallaigh as na hAille. Bhí siad iontach!

Tháinig Veronica Curtin, imreoir Chontae na Gaillimhe ar feadh dhá lá lena cuid scileanna a roinnt leis na cailíní. D'fhreastail 78 cailíní ar an gCampa agus bhain siad an-spraoi as, gan trácht ar an bhfeabhas a tháinig ar a gcuid scileanna!

Roghnaíodh beirt ón gCumann ar fhoireann na Gaillimhe Faoi-13 i mbliana: Ciana Ní Churraoin agus Órlaith Ní Dhireáin. Bhí Sadhbh Ní Cheallaigh agus Niamh Ní Chearra ar phainéal mionúir an Chontae. Tá siad ag leanacht an chosáin a thóg Áine Ní Chonghaile, Gráinne Bleasdale agus Sadhbh Ní Cheallaigh a d'imir le foireann Sinsear B an Chontae anuraidh.

Déanann CCCF freastal ar chailíní cheantar Chois Fharraige, óna Forbacha siar agus cuireann an Cumann fáilte roimh bhaill nua i gcónaí. Bíonn traenáil ar siúl chuile Shatharn ar Pháirc na mBreathnaigh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ó aon duine de na traenálaithe seo a leanas a bhíonn ar an bpáirc chuile Shatharn; Caitríona Ní Chonchubhair, Áine Ní Chonchubhair, Aodán Mac Cormaic, Bríd Bleasdale, Andy Bleasdale agus Máirtín Ó Dubhghaill.



**Foireann Camógaíochta Faoi-12 a d'imir i gCluiche Ceannais an Chontae**

***Ar chúl:*** **Hazel Ni Choistealbha, Róisín Ní Neachtain, Sarah Ní Chualáin, Áine Ní Bhiataigh, Cristín Nic Ghiolla Choinnigh, Ciana Ní Churraoin, Lisa Ní Chadhain, Sarah Comerford, Sinéad Nic Dhonnchdha, Gretta Ní Bharrúin, Máirín Ní Churraoin, Aisling Ní Iarnáin.** ***Chun tosaigh ó chlé:*** **Méadhbh Ní Churraoin, Róisín Ní Fhurghais, Anna Ní Ódhráin -Ní Mhurchú, Sorcha Ní Fhrighil, Sinéad Ní Mhaoláin, Aoife Ní Lorcáin, Sorcha Ní Bhraonáin, Clíodhna Nic Fhlannchadha, Dearbhail Ní Chaoimh, Éimear Ní Chonaire, Neil Ní Chonnláin agus Charlie Ó Frighil (an *mascot*).**



## An Fhoireann Camógaíochta Faoi-11.

*Chun tosaigh ó chlé:* Hazel Ní Choistealbha, Sarah Ní Chualáin, Méabh Ní Churraoin, Sinéad Ní Mhaoláin, Caoimhe Ní Choisdealbha, Sorcha Ní Fhrighil, Deabhail Ní Chaoimh, Máirín Ní Churraoin, Aoife Nic Ghiolla Choinnigh. *Ar chúl:* Caitríona Ní Chonchubhair, Róisín Ní Fhurghais, Aoife Ní Lorcáin, Sorcha Ní Bhraonáin, Sinéad Nic Dhonnchadha, Anna Ní Ódhrain-Ní Mhurchú, Sarah Comerford, Neil Ní Chonnláin, Caoimhe Ní Chonghaile, Aisling Ní Iarnáin.

**THÍOS:** Joe agus Carmel Uí Churraoin ag bronnadh seit geansaithe ar Mháirtín Ó Dúill thar cheann Chumann Camógaíochta Chois Fharraige.




## Thíos, tá an Fhoireann Faoi-14 a chaill cluiche ceannais an Chontae le cúilín amháin in aghaidh an Turlaigh Mhóir.

*Ar Chúl:* Saoirse Howlin, Síle Sorcha Ní Chonghaile, Aisling Ní Chonchubhair, Caitríona Ní Churraoin, Lisa Denise Ní Chonghaile, Áine Ní Dhubhghaill, Fiona Ní Chonghaile, Orlaith Ní Dhireáin, Karen Ní Dhonncha. *Chun Tosaigh:* Loretta Ní Challanáin, Ciana Ní Churraoin, Aisling Ní Neachtain, Éimear Ní Mhaoileoin, Darina Ní Challanáin agus Cristín Nic Ghiolla Choinnigh

